Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning, Community and Local Government

**DeontaisiníocthafaoinaRialacháinmaidir le LeasúchánLuaidheBaile (CúnamhAirgeadais) 2016 (I.R. Uimh 56 de 2016)**

- **Léigh na nótaí eolais seo a leanas le do thoil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais.**

- **Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid a sholáthar chomh maith. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhiomlána nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.**

- **Máscustaiméir de chuidUisceÉireanntú, cinntigh le do thoil go bhfuilcurthaisteachagataran "ScéimRoghnach do Chustaiméirí um AthchurPíobáinLuaidhe" leosar a thosnaíonn do phluiméirarphíobáinagusarfheistisluaidhei do theach a athchur.**

## Eolas maidir leis an Scéim

### 1. Cuspóir an Deontais

Tá an scéim ar fáil chun cabhair a thabhairt d'úinéirí áitribh atá ceangailte le soláthar uisce tí leis na costais a bhaineann le píopaí luaidhe nó feistis ghaolmhara laistigh den chóras dáilte inmheánach a athsholáthar, mar atá sainmhínithe san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007. Nímór go mbeadhan t-áitreabháititheag an iarratasóir mar a phríomháitnó a príomháitchónaithephríobháideach.

Nóta: Foráiltear le hAlt 2 den Acht ó 2007 go gciallaíonn "córas dáileacháin inmheánach" an chuid sin de chóras dáileacháin, laistigh de chúirtealáiste áitribh, a úsáidtear chun uisce a sholáthar lena úsáid ag an duine nó i dtáirgeadh bia agus deochanna.

Sula ndéanann sé/sí iarratas ar dheontas ní mór don úinéir tí:

a) fógra ó sholáthraí uisce a bheith aige/aici a chuireann in iúl gur dóigh go bhfuil pluiméireacht luaidhe (píopaí agus feistis) laistigh de chúirtealáiste an áitribh **nó**

b) deimhniú a bheith aige/aici a eisíodh laistigh de na sé mhí díreach roimh dháta an iarratais ó shaotharlann atá creidiúnaithe maidir le bheithagtástáil le haghaidhluaidhe in uisceóil, a léiríonnluachparaiméadrachluaidheisolátharuisce an áitribh a sháraíonn an teorainnreachtúil, atá 10µg/l (10 micreagram in aghaidhanlítir). Ní mór go mbeadh creidiúnú ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) ag an saotharlann eisithe.

### 2. Leibhéal an Deontais

Déantarleibhéalanchúnaimhdeontaisatáarfáil a chinneadharbhonnollioncaimteaghlaighagus is 80% nó 50% de chostas ceadaithe na n-oibreacha a bhíonn i gceist. Leagtar amach sa tábla thíos leibhéal an deontais atá arfáilbunaithearioncamnablianacánachroimhe sin.

| Ioncam Teaghlaigh | % den chostas ceadaithe atá ar fáil | Deontas Uasta ar fáil |
|---|---|---|
| Suas go dtí €50,000 | 80% | €4,000 |
| €50,001 - €75,000 | 50% | €2,500 |
| Níos mó ná €75,000 | Níl aon deontas iníoctha | Níl aon deontas iníoctha |

## 3. Ioncam Teaghlaigh

Déantarioncamteaghlaigh a ríomh mar ollioncaminchánachúinéirnamaoinesabhliainchánachroimhe sin, mar aon le hioncam a c(h)éilenó a p(h)áirtí.

## 4. Fianaise ar Ioncam Teaghlaigh

Ní mór go mbeadhanfhianaiseseo a leanasarioncamaniarratasóraagusarioncam a c(h)éilenó a p(h)áirtísabhliainchánachroimhe sin a bheith ag gabháil le gach iarratas:

- I gcás iarratasóirí atá faoi réir **ÍMAT**: Ráiteas Comhardaithe ÍMAT nó a choibhéis,
- I gcás **daoine atá féinfhostaithe:** Fógra maidir le Measúnú Cánach Ioncaim nó a choibhéis,

  Nóta: Na Coimisinéirí Ioncaim a eisíonn Ráitis Chomhardaithe ÍMAT agus Fógraí maidir le Measúnú Cánach Ioncaim. Áirítear ar choibhéisráitisnólitreachasínithearna n-eisiúintagnaCoimisinéiríIoncaim a léiríonn an t-ioncaminchánach don bhliainchánachroimh an mbliaininandearnadhna hoibreacha.

- I gcás**faighteoiríleasashóisialaigh:** RáiteasioncaiminchánachónRoinnCoimirceSóisialaí

## 5. Admhálacha agus Deimhnithe

Ní mór go mbeadh admháil ó gach conraitheoir arna fhostú chun críocha oibreacha feabhsúcháin / athsholáthair ag gabháil le gach iarratas ar chúnamh deontais. Ní mór go mbeadh sonraí na n-oibreacha a rinneadh agus na costais ghaolmhara leis na hadmhálacha.

Ní mór go mbeadh deimhniú ón gconraitheoir arna fhostú chun na hoibreacha a dhéanamh go bhfuil gach ábhar arna úsáid, lena n-áirítear píopaí agus feistis, ar cháilíocht chuí agus go bhfuil caighdeán cuí saoirseachta i bhfeidhm ag gabháil le gach iarratas chomh maith. Tátreoirnótad'úinéirítímaidir le píobáinagusfeistisluaidheaathchurarfáil ó d'údárásáitiúilnóag:http://www.housing.gov.ie/ga/node/7625

Nóta: Is faoin iarratasóir atá sé a dheimhniú dó féin go bhfuil sé de chumas ar aon chonraitheoir arna fhostú na hoibreacha riachtanacha a dhéanamh agus go bhfuil na hábhair chuí in úsáid.

**6. Costas Ceadaithe**

Chun críochanascéimeseo, ciallaíonncostascheadaigh an costasiarbhír a bhaineann le píopaínófeistisluaidhe laistigh den chóras dáilte inmheánach in áitreabh a athsholáthar, **nó** an costas a mheasann an t-údarás áitiúil a bheith réasúnach chun oibreacha den chineál sin a bhaint amach, cibé agus is lú. Ní cháilíonn oibreacha áit a bhfuil an costas ceadaithe faoi bhun € 200.

**7. Riachtanais Imréitigh Cánach**

I gcásconraitheoirarnafhostúchundeisiúcháin, uasghrádúnóathsholáthar a dhéanamh, ní mór cóip de dheimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim don chonraitheoir a chur isteach.

Nóta: Is faoin iarratasóir atá sé a dheimhniú dó féin go bhfuil an deimhniú imréitigh cánach is gá ag aon chonraitheoir arna fhostú.

**8. Iarratais a Phróiseáil**

Ní mór iarratais a chur isteach chuig an údarás áitiúil a bhfuil an t-áitreabh a bhfuil na hoibreacha á ndéanamh ann ina limistéar feidhme. Déanfar iarratais a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Má bhíonn cabhair ag teastáil chun an fhoirm a líonadh, déan teagmháil le do thoil leis an údarás áitiúil iomchuí.

Forchoimeádann an t-údarásáitiúil an ceart na hoibreacha a rinneadh a scrúdú agus pé fiosrúcháin a mheasann sé a bheith riachtanach a dhéanamh chun eolas nó doiciméid tacaíochta arna dtabhairt mar chuid d'iarratas ar chúnamh deontais a fhíorú agus is féidir leis aon iarratasóir a sholáthraíonn eolas nó doiciméid bhréagacha nó mhíthreoracha a eisiamh ó chomaoin ar chúnamh deontais.

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning, Community and Local Government

## RDLP1 - Foirm Iarratais - Feabhsúchán ar Phíopaí Luaidhe Baile

**Ainm an Iarratasóra:______________________________________________________**

**Seoladh: _____________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**Uimhir Theileafóin i rith an Lae: ___________________________**

**Tuairisc ghinearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh:**
***(Ní mór admháil mhiondealaithe (admhálacha miondealaithe) a sholáthar)***

**_______________________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**AinmagusSeoladhanChonraitheora (nagConraitheoirí):**
***(Ní mór cóip de DheimhniúImréitighCánachmaidir le gachconraitheoir a sholáthar, mar aon le deimhniúchán go bhfuilanobairarnadéanamhagusnapíopaí agus feistis arna n-úsáid ar cháilíocht chuí agus ar chaighdeán cuí)***

**_______________________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**_______________________________________________________________________**

**Ioncamiomlánaniarratasóraagus a c(h)éile / a p(h)áirtíónmBliainChánachroimheseo:**
**€_________________**
***(Ní mór fianaise ar ioncam a sholáthar)***

## DEARBHÚ

**Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar agam san fhoirm iarratais seo ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-iarratas a chealú má dhéanaim aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí a sholáthar.**

**Síniú an Iarratasóra: _____________________________**

**Dáta: _________________________**

# SEICLIOSTA

Cinntigh le do thoil go bhfuil na doiciméid seo a leanas san áireamh i d'iarratas ar chúnamh deontais:

Fianaiseard'ioncaminchánachféinagus, mábhaineann sé le hábhar, ar ioncam do chéile nó do pháirtí, sa bhliain chánach roimhe seo,

- ☐ Cóip den fhógra ó do sholáthraí uisce maidir le píopaí luaidhe a d'fhéadfadh a bheith ann nó de Thorthaí Tástála Saotharlainne,

- ☐ Admhálacha miondealaithe maidir leis na hoibreacha a rinneadh,

- ☐ Deimhniú ón gconraitheoir go ndearnadh na hoibreacha ag baint úsáide as ábhair oiriúnacha agus gur baineadh an caighdeán cuí amach.

- ☐ Cóip de Dheimhniú Imréitigh Cánach reatha maidir le gach conraitheoir arna fhostú.

**CUIR ISTEACH AN FHOIRM RDLP1, COMHLÁNAITHE INA IOMLÁINE, AGUS DOICIMÉADACHT TACAÍOCHTA CHUIG D'ÚDARÁS ÁITIÚIL.**